SCÉALTA Ó MHÚSCRAÍ

Le Pet Uí Chonaill — pet.oconnell@eecho.ie

Urraithe ag:
Gael-Taca
www.gael-taca.com
021-4310841

Gradam Uí Loingsigh d'iar-phríomhoide Micheál Ó Lionáird

THUG DG Dónal Ó Loingsigh an sainmhíniú is leithne don téarma 'dochtúir ginearálta' sa tsli nach ag freastal ar riachtanais leighis a gcuid othar amháin a bhíodh sé in aon chor, ach ar fholláine cultúrtha agus eacnamaíochta phobal Bhaile Mhúirne trí chéile chomh maith.

Bhunaigh an dochtúir, ar fhilleadh dó tar éis a chuid ama ag troid sa chogadh Franc Prúiseach, bácús, monarchan cniotála, aonach beostoic, mar aon le halla pobail a thógaint ar a chostas féin. Lena chois sin bhunaigh sé an chéad Feis Baile Mhúirne agus craobhacha de Chonradh na Gaeilge agus Conradh na Talún, agus é ina bhall den Choiste Feidhmiúcháin ag Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath.

Ceithre bliain ó shin, agus 101 bliain tar éis bás an dochtúra, tugadh aitheantas foirmiúil don méid ollmhór a thug sé don sráidbhaile nuair a athainmníodh an lárionad cultúrtha áitiúil Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh i ndíl-chuimhne air.

Anois reáchtáltar ann bailiúchán bliantúil ina onóir, agus beidh se sin ar siúl san Ionad an Satharn beag seo, 22ú Meán Fómhair.

Mar aon le honóir a thabhairt don dochtúir féin, ag bailiúchán na bliana seo tabharfar ómós do sheaimpín nua-aimseartha an cheantair a roinneann "spiorad fiontraíochta, meon dóchasach, agus meas cultúrtha an dochtúra".

I mbliana táthar chun iar-phríomhoide Choláiste Ghobnatan, Micheál Ó Lionáird a bhronnadh le gradam gnó, Gradam an Dochtúra Uí Loingsigh, a dhéanann ceiliúradh ar "spiorad fiontraíochta, le forbairt na todhchaí i nGaeltacht Mhúscraí á spreagadh".

Tá an tUasal Ó Lionáird, a bhí ina phríomhoide ó 1957 go 1989, tar éis "aithris a dhéanamh ar phríomh-thréithe an dochtúra trína chuid ama mar oideachasóir, ag cabhrú chun fostaíocht a thabhairt chuig an gceantar, mar aon le meas cultúrtha agus ceoil a ghlacadh chomh maith," a dúirt Reidin Lynch, sin sin gar-neacht an Dr Ó Loingsigh agus ball de choiste eagraithe na hócáide.



An Dr Dónal Ó Loingsigh, 1842-1913: Comóradh i mBaile Mhúirne an Satharn beag seo, 22ú Meán Fómhair.

Iar-phríomhoide Choláiste Ghobnatan, Micheál Ó Lionáird agus a bhean chéile Mairéad.

Gan dabht, gan fís an Uasail Uí Lionáird, ní bheadh comóradh na deireadh seachtaine seo á reáchtáil i lárionad cultúrtha le hainm an Dr Ó Loingsigh air.

Le linn a chuid ama mar phríomhoide, d'fhás an scoil ó fhoirgneamh aon-tseomra Scoil Ghobnatan ag freastal don chuid is mó ar phobal feirmeoireachta, go scoil le seomraí miotalóireachta, eolaíochta agus eacnamaíocht bhaile.

Chruthaigh sé nasc láidir le Gaeltarra Éireann, réamhtheachtaí Udarás na Gaeltachta, agus chabhraigh an nasc seo go mór chun cúrsaí nua a bhunú sa scoil agus deiseanna fostaíochta breise a ghnóthú dá scoláirí.

Bhí Micheál bainteach le coiste, Ad Hoc, a bhí ag gníomhú chun fostaíocht a bhunú sa cheantar.

Bhíodh cruinnithe acu le heagraíochtaí stáit agus le Gaeltarra Éireann go háirithe agus ba é an dúshlán a tugadh don eagraíocht seo ná tionscail a bhunú i mBaile Mhic Íre agus i gCúil Aodha.

As san a d'eascair an monarchan cniotála i mBaile Mhic Íre agus Talcoma i gCúil Aodha.

Le linn a thréimhse i bhfeighil ar Scoil/Coláiste Ghobnatan d'aithin Micheál an tábhacht a bhain le cultúr na dúichí.

Bhí ana-thionchar ag a bhean chéile Mairéad ar an aitheantas seo, Gaeilgeoir dúchasach le ceangal domhain i ngnéithe cultúrtha na dúichí ba ea Mairéad agus thug sé seo tuiscint bhreise don fhear ó Dhún na Séad ar an tábhacht a bhí le caomhnú an chultúir.

Thug Micheál cuireadh do cheoltóirí áitiúla ranganna ceoil tradisiúnta a reáchtáil um thráthnóna agus mheall sé scríbhneoirí áitiúla, chun sceitseanna agus agallaimh beirte a scríobh.

Níorbh fhada go raibh duaiseanna náisiúnta á ghnóthú ag an Oireachtas agus ar stáitse Slógadh.

Léirigh an t-éileamh go mbeadh ionad faoi leith ag teastáil ach níorbh mhaith an t-am é ag deireadh na seachtóidí chun bheith ag lorg airgid ar son ionaid chultúrtha. Bheartaigh Micheál i gcomhar le hoifigigh an Choiste Oideachais agus oifigigh 'Fás', go bhféadfaí ionad a thogáil ag úsáid ceardaithe áitiúla chun oiliúint a chur ar phrintísigh óga — scéim traenála ba ea an tionscnamh tógala.

Laistigh de dhá bhliain bhí an Ionad Cultúrtha ina sheasamh agus thug sé sin láthair sa cheantar do ghnéithe cultúir le pinniúr liathróid láimhe, iarsmalann agus amharclann.

Chonaic an tUas Ó Lionáird, athair le daréag clainne ina measc an t-amhránaí Iarla agus láithreoir teilifíse Páidí Ó Lionáird, a mhac Breandán ag teacht i gcomharbacht air mar phríomhoide na scoile, agus bhi mac eile dá chuid, Peadar, ó chomhlacht suibhe Folláin, ina chomh-fhaighteoir de ghradam gnó Uí Loingsigh cúpla bliain ó shin.

Agus í ag labhairt faoi Micheál, deir Reidin Lynch gur "sheas se i gcónaí le saol agus éachtaí an Dochtúra Uí Loingsigh sa cheantar", agus bhí sé ina measc siúd a d'áitigh go n-athainmneofaí an lárionad cultúrtha a chabhraigh sé a bhunú in onóir an Dr Ó Loingsigh.

Ar na haoichainteoirí ag ócáid an tSatharn in Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh beidh an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, NUIG, agus Uachtarán Choláiste na hOllscoile Corcaigh, an tOllamh Patrick O'Shea.

Dhein an Dr Ó Loingsigh a chuid staidéir ar an leigheas in Ollscoil na Banríona, Corcaigh mar a bhíodh, agus é ina mhac léinn aibí go déanach sna 1870aidí agus labhróidh an tOll O'Shea ar thaithí na mac léinn nua-aimseartha agus a éabhlóidiú i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Labhróidh an tOll Ó Cróinín faoi Sheán Ó Cuill, fear ó Chúil Aodha o dhúchas, a chur le chéile bailiúchán *Músgraidhe Fileata*, ina bhfuil 120 amhrán.

■ Féach: drlynchballyvourney.ie

Tadhg Mac Cárthaigh, 'Timmy the Brit'. Grianghrafadóir: Gerard McCarthy

Ómós d'fhear uasal na rince seit, Timmy the Brit Mac Cárthaigh

"CARACHTAR ildaite, thar a bheith spleodrach, chaith sé a shaol ag múineadh do dhaoine faoin rince seit agus faoin gceol ón gceantar ab ansa leis."

Ón nóiméad an tseachtain seo caite a cailleadh Timmy Mac Cárthaigh, búistéir a rugadh i Londain agus a d'fhás thar na blianta i seaimpín neamhdhóchúil an cheoil agus rince seit ó Chorcaigh agus Ciarraí, tá scata mór nótaí agus focail ómós tagtha chun cinn "d'fhear uasal uathúil nach mbeidh a leithéid ann arís" ar fearr aithne a bhíodh air mar 'Timmy the Brit'.

Duine de bhunaitheoirí agus lucht tiomána an Cork Folk Festival, d'aimsigh Timmy a chuid inspioráide i dtraidisiún Sliabh Luachra, a chuala sé don chéad uair i dtigh tábhairne Dan O'Connell i gCnoc na Graí.

Dúirt William 'Hammy' Hammond, a lean i gcois-chéimeanna Timmy mar eagraí na féile: "Tá a oidhreacht ag athbheochan agus ag tabhairt chun solais thart ar 14 rince seit traidisiúnta. Cinnte bhí cuid acu imithe ar fad agus chabhraigh Timmy agus Dan O'Connell agus a thuilleadh eile nach iad chun iad sin a thabhairt ar ais."

De bharr an cumas a bhíodh aige ceoltóirí a nascadh agus a spreagadh chonacthas Timmy ag bunú an 'Folk Fáinne', comhlachas náisiúnta de chumainn, ag eagrú imeachtaí ag "club oíche na rince seit" i gCorcaigh, an Sráidbhaile ar Shráid an Chapaill Bhuí.

Ag socrú sios i mBaile Mhúirne lena pháirtí Rhóna, d'eagraigh Timmy deireadh seachtaine rince seit 'Corcaigh agus Ciarraí' in Óstán Ghobnatan, ag scaipeadh a ghrá do cheol agus rince an cheantair i measc lucht féachána sa Fhrainc, i Meiriceá Thuaidh, i gCeanada, sa Rúis agus sa Pholainn, ag múineadh chomh maith sa tSairdín, san Ostair, sa Bhaváir, sa Danmhairg, agus san Iorua.

Mac ag tuismitheoiri ó chathair Chorcaí a d'imigh ar eisimirce go Sasana, fágadh ina dílleachta é ag aois naoi mbliana agus cuireadh faoi chúram na n-ord reiligiúnach é, agus ba mhór an moladh a bhíodh aige i gcónaí dóibh siúd. Ar fhilleadh ar ais go Corcaigh dó, áit inar tugadh an t-ainm 'Timmy the Brit' air de bharr a chanúint Sasanach, d'oibrigh sé ina bhúistéir, ag caitheamh a chuid ama saor ag na rincí seit ar dhein sé taighde orthu agus a dhein sé a athbheochan chomh maith.

D'inis sé don *Evening Echo* conas mar a thosnaigh a ghrá don rince: "Chonaic bean darbh ainm Eily Buckley mé ag suí síos agus bheir sí greim orm agus chaith sí timpeall an urláir mé. Ní raibh a fhios in aon chor agam cad a bhí tarlaithe dom, ach b'é sin seit Sliabh Luachra, agus d'athraigh sé mo shaol."

Agus é ag trácht ar cheol-choirm ina onóir i mbliana a chuaigh go mór i bhfeidhm air, dúirt sé: "Nuair a fheicim na haíonna don cheolchoirm sin... tá aithne ag daoine orm mar Timmy the Brit, ach b'iad sin na daoine a chinntigh gur mhothaíos sa bhaile, gur Éireannach mé.

"Tá ionadh an domhain orm. Níl sé tuillte agam. Is iontach an saol atá caite agam, tá an ceolchoirm ómóis seo millteanach agus tá tocht orm le teann lúcháire.... ní féidir liom a thuilleadh a rá faoi."

Fágtha ina dhiaidh ag Timmy tá a pháirtí Rhóna, a mhac Tony, a iníonacha Susan agus Niamh, agus a máthair siúd Clair, mar aon lena gharchlann, a dheirfiúracha agus a chlann níos leithne.

Comórtas Bonn Óir Uí Riada

TÁ cumadóir Chúil Aodha Peadar Ó Riada ag glacadh le hiarratais anois don chomórtas do Bhonn Óir Seán Ó Riada 2018, atá dírithe i mbliana ar an bhfidil.

Bronnfar an bonn agus duaischiste €2,500 ar an mbuaiteoir ag an gcraobh, a chraolfar beo ar Raidió na Gaeltachta i mí Feabhra 2019.

Ba cheart d'iarrthóirí cúig phíosa ceoil a thaifead agus iad a uaslódáil chuig www.cuireadhchunceoil.ie faoin 28ú Meán Fómhair.